2025/2376

24.11.2025

CINNEADH (AE) 2025/2376 ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Samhain 2025

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhar i dtaca le cur i bhfeidhm a ndlíthe iomaíochta faoi seach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 103 agus 352, i gcomhar le h Airteagal 218(5) agus Airteagal 218(8), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Meitheamh 2023, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe') le haghaidh comhaontú forlíontach, de réir bhrí Airteagal 2 den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([1]), an 30 Nollaig 2020 ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), maidir le comhar in ábhair iomaíochta.

(2) Rinne an Coimisiún, thar ceann an Aontais, Comhaontú a chaibidil idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, maidir le comhar i ndáil le cur i bhfeidhm a ndlíthe iomaíochta faoi seach ('an Comhaontú'). Tá an chaibidlíocht curtha i gcrích ar an leibhéal teicniúil.

(3) Is é is cuspóir don Chomhaontú creat a chur chun cinn agus a sholáthar le haghaidh an chomhair agus an chomhordaithe atá ann cheana in ábhair iomaíochta idir údaráis iomaíochta an Aontais agus a Bhallstát, de pháirt, agus údaráis iomaíochta na Ríochta Aontaithe, den pháirt eile, d'fhonn dlíthe iomaíochta an Aontais agus na Ríochta Aontaithe a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí. Cé go n-oibríonn údaráis iomaíochta an Aontais agus na Ríochta Aontaithe i gcomhar ar bhonn Airteagal 361(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, luaitear in Airteagal 361(4) go bhféadfaidh na comhpháirtithe comhaontú ar leithligh a dhéanamh maidir le comhar agus comhordú in ábhair iomaíochta. Mar sin, is comhaontú forlíontach de réir bhrí Airteagal 2 ar an gComhaontú Trádála agus Comhair é an Comhaontú.

(4) D'aithin an Coimisiún trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 ón gCoimisiún ([2]) go n-áirithíonn an Ríocht Aontaithe leibhéal leordhóthanach cosanta do shonraí pearsanta a aistrítear faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) ón Aontas chuig an Ríocht Aontaithe.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a bheith sínithe thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus thug sé a thuairim uaidh an 15 Iúil 2025 ([5]),

([1]) Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj).

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2021 de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta ag an Ríocht Aontaithe (IO L 360, 11.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/1772/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([5]) https://www.edps.europa.eu/data-protection/our-work/publications/opinions/2025-07-15-opinion-132025-proposals-council-decisions-signing-and-conclusion-agreement-between-european-union-and-united-kingdom-great-britain-and_en.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhar i dtaca le cur i bhfeidhm a ndlíthe iomaíochta faoi seach a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích ([6]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Samhain 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

L. AAGAARD

([6]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gCinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.